An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2019**
**(OR. en)**

**EUCO XT 20027/19**

**BXT 99**
**CO EUR 36**
**CONCL 10**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (Airt. 50) (13 Nollaig 2019) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí[1], i gceangal leis seo, na conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach (Airt. 50) ag an gcruinniú thuas.

---

[1] Tar éis fógra faoi Airteagal 50 CAE, ní bheidh an comhalta den Chomhairle Eorpach a ionadaíonn don Bhallstát a bheidh ag tarraingt siar rannpháirteach i bpléití na Comhairle Eorpaí nó i gcinntí ón gComhairle Eorpach a bhaineann leis an mBallstát sin.

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sí tiomanta do tharraingt siar ordúil ar bhonn an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus iarrann sí go ndéanfaí an Comhaontú sin a dhaingniú go tráthúil agus a chur chun feidhme go héifeachtúil.

2. Athdheimhníonn an Chomhairle Eorpach gur mian léi caidreamh sa todhchaí a bheidh chomh dlúth agus is féidir a bhunú leis an Ríocht Aontaithe, i gcomhréir leis an Dearbhú Polaitiúil, agus na treoirlínte chomh maith leis na ráitis agus na dearbhuithe ón gComhairle Eorpach a comhaontaíodh roimhe seo á n-urramú, go háirithe ráitis agus dearbhuithe an 25 Samhain 2018. Ní mór an caidreamh sa todhchaí a bheith bunaithe ar chothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí, agus ní mór cothrom na Féinne a áirithiú leis do chách.

3. Chuige sin, iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún dréachtsainordú cuimsitheach le haghaidh caidreamh sa todhchaí leis an Ríocht Aontaithe a chur faoi bhráid na Comhairle díreach tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar. Iarrann sí ar an gComhairle Gnóthaí Ginearálta na cinntí ábhartha agus an sainordú caibidlíochta a ghlacadh go pras.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur chinn an Coimisiún Michel Barnier a athcheapadh le haghaidh na caibidlíochta ar an gcaidreamh sa todhchaí. Leanfar den chaibidlíocht ar bhealach comhleanúnach agus ar bhealach a bheidh aontaithe, trédhearcach i leith na mBallstát uile. Déanfar an chaibidlíocht i gcomhordú leanúnach agus in idirphlé buan leis an gComhairle agus le comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.

5. Coimeádfaidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar an gcaibidlíocht agus comhaontóidh sí tuilleadh treoirlínte polaitiúla ginearálta de réir mar is gá. Idir na cruinnithe den Chomhairle Eorpach, áiritheoidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta agus Coreper, agus meitheal thiomnaithe ag tabhairt cúnamh dóibh, go ndéanfar an chaibidlíocht i gcomhréir leis na seasaimh agus na prionsabail fhoriomlána a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach agus le sainordú caibidlíochta na Comhairle, agus cuirfidh siad tuilleadh treorach ar fáil, mar is gá, a bheidh comhchuí go hiomlán le lár leas an Aontais agus leis an aidhm atá ann teacht ar thoradh a bheidh cóir cothromasach do na Ballstáit uile agus a rachaidh chun leas na saoránach.